FÓGRA FAOI ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

Athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh a rinne An Bord Pleanála faoi fhorálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

Nuair is mian le duine agóid dhlíthiúil a chur in aghaidh cinnidh an Bhoird caithfear é sin a dhéanamh trí athbhreithniú breithiúnach amháin. Tá na forálacha chun agóid dhlíthiúil a chur in aghaidh cinnidh an Bhoird le fáil in ailt 50, 50A agus 50B san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna ionadú le halt 13 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006, le hailt 32 agus 33 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (leasú), 2010 agus le hailt 20 agus 21 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011.)

Ní féidir ceistiú a dhéanamh in aghaidh cinnidh an Bhoird ach amháin trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimhir 15 de 1986). Faoi réir fho-alt 50(6) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 déanfar iarratas ar chead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach laistigh den tréimhse 8 seachtain den dáta a rinne an Bord an cinneadh nó laistigh d'aon síneadh ama a cheadaíonn an Ard-Chúirt faoi fho-alt 50(8). Tabhair faoi deara nuair atá athbhreithniú breithiúnach i gceist faoi alt 50 nach féidir ach bailíocht an chinnidh a cheistiú agus ní thugann an Chúirt aon chinneadh faoi fhiúntas na forbartha ó thaobh prionsabail pleanála cuí nó forbairt inchothaithe na háite nó éifeachtaí ar an timpeallacht. Tá sé leagtha síos in alt 50 nach ndeonófar cead d'athbhreithniú breithiúnach muna bhfuil an Chúirt sásta go bhfuil forais shubstaintiúla ann chun argóint a dhéanamh go bhfuil an cinneadh neamhbhailí nó gur ceart é a neamhniú agus go bhfuil suim shásúil ag an iarratasóir leis an ábhar i gceist san iarratas nó i gcásanna a bhaineann le measúnacht tionchair timpeallachta gur eagraíocht í an t-iarratasóir a chomhlíonann coinníollacha áirithe.

Tá forálacha in alt 50B mar gheall ar chostais maidir le himeachtaí san Ard-Chúirt i dtaobh athbhreithniú breithiúnach i gcásanna áirithe (lena n-áirítear imeachtaí faoi chinntí nó gníomhartha de bhun dlí de chuid an Stáit lena dtugtar éifeacht do na forálacha faoi rannpháirtíocht an phobail agus rochtain ar an gceartas atá leagtha amach i dTreoir 85/337/CEE i.e. an Treoir faoi mheasúnacht tionchair timpeallachta agus na forálacha í dTreoir 2001/42/CE maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an timpeallacht a mheasúnú). Is í an fhoráil ghinearálta in imeachtaí lena mbaineann alt 50B ná go n-íocfaidh gach páirtí a chostais féin. Is féidir leis an gCúirt costais a bhronnadh i gcoinne aon pháirtí i gcásanna áirithe. Chomh maith le sin tá forálacha i bhfeidhm ionas gur féidir leis an gCúirt iomlán a chostas nó cuid díobh a bhronnadh ar an iarratasóir, in aghaidh fhreagróra nó fhógrapáirtí i gcásanna ina bhfaightear faoiseamh mar gheall ar gníomhú nó neamhfheidhm an fhreagróra nó an fhógrapáirtí.

Tá eolas ginearálta faoi athbhreithniú breithiúnach le fáil ar an suíomh idirlín **www.citizensinformation.ie.**

Séanadh: Tá an t-eolas thuas tugtha mar threoirlíne. Ní éilítear gur léirmhíniú dlí faoi na forálacha ábhartha atá ann agus dá mbeadh sé ar intinn ag éinne cás dlí a thógáil in aghaidh an Bhoird bheadh sé inmholta comhairle dlí a fháil ar dtús

Athbhreithnithe 30/11/2011